II

*(Gníomhartha neamhreachtacha)*

# COMHAONTUITHE IDIRNÁISIÚNTA

## CINNEADH (AE) 2021/2234 ÓN gCOMHAIRLE

**an 29 Samhain 2021**

**maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais, an Chomhaontaithe i bhfoirm Malartú Litreacha idir an tAontas Eorpach agus an Astráil de bhun Airteagal XXVIII den Chomhaontú Ginearálta um Tharaifí agus Trádáil (GATT) 1994 a bhaineann le lamháltais a mhodhnú ar na cuótaí rátaí taraife uile i Sceideal AE CLXXV de thoradh tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 207(4), an chéad fhomhír, de, i gcomhar le hAirteagal 218(6), an dara fomhír, pointe (a)(v), de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint do thoiliú ó Pharlaimint na hEorpa ([1]),

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 15 Meitheamh 2018, thug an Chomhairle údarú don Choimisiún caibidlíocht a thosú de bhun Airteagal XXVIII den Chomhaontú Ginearálta um Tharaifí agus Trádáil (GATT) 1994, maidir le cionroinnt na gcuótaí rátaí taraife a áirítear i Sceideal AE CLXXV de thoradh tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas.

(2) Tugadh an chaibidlíocht leis an Astráil i gcrích an 18 Nollaig 2020 nuair a cuireadh inisealacha le Comhaontú i bhfoirm Malartú Litreacha idir an tAontas Eorpach agus an Astráil de bhun Airteagal XXVIII den Chomhaontú Ginearálta um Tharaifí agus Trádáil (GATT) 1994 a bhaineann le lamháltais a mhodhnú maidir leis na cuótaí rátaí taraife uile a áirítear i Sceideal AE CLXXV de thoradh tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach ("an Comhaontú").

(3) Síníodh an Comhaontú thar ceann an Aontais an 4 Deireadh Fómhair 2021, faoi réir a thabhairt i gcrích ar dháta níos déanaí, i gcomhréir le Cinneadh (AE) 2021/515 ón gComhairle ([2]).

(4) Ba cheart an Comhaontú a fhormheas,

([1]) Toiliú an 11 Samhain 2021 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil).

([2]) Cinneadh (AE) 2021/515 ón gComhairle an 22 Márta 2021 maidir le síniú, thar ceann an Aontais, an Chomhaontaithe I bhfoirm Malartú Litreacha idir an tAontas Eorpach agus an Astráil de bhun Airteagal XXVIII den Chomhaontú Ginearálta um Tharaifí agus Trádáil (GATT) 1994 a bhaineann le lamháltais a mhodhnú ar na cuótaí rátaí taraife uile a áirítear i Sceideal AE CLXXV de thoradh tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach (IO L 104, 25.3.2021, lch. 27).

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Formheastar leis seo thar ceann an Aontais an Comhaontú i bhfoirm Malartú Litreacha idir an tAontas Eorpach agus an Astráil de bhun Airteagal XXVIII den Chomhaontú Ginearálta um Tharaifí agus Trádáil (GATT) 1994 a bhaineann le lamháltais a mhodhnú ar na cuótaí rátaí taraife uile a áirítear i Sceideal AE CLXXV de thoradh tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas ([3]).

*Airteagal 2*

Tabharfaidh Uachtarán na Comhairle, thar ceann an Aontais, an fógra dá bhforáiltear sa Chomhaontú ([4]).

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 29 Samhain 2021.

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*
S. KUSTEC

---

([3]) Féach leathanach 3 den Iris Oifigiúil seo.
([4]) Foilseofar dáta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ag Ardrúnaíocht na Comhairle.